

Sonraíochtaí don Scéim um Roghanna Comhshaoil Talmhaíochta agus do Scéim Natura 2000

30 Márta 2010

Ábhar

Cuid I: Sonraíochtaí don Scéim um Roghanna Comhshaoil Talmhaíochta

Fálta Sceach Breise Nua a Bhunú	1
Foinse mhalartach bhreise do bhó-ainmhithe	6
Imill Arúla	7
Crainn Leathanduilleacha a Chur	8
Acmhainní Géiniteacha Ainmhíocha a Chaomhnú (Póir Thearca)	12
Fálta Sceach a Bharrscoitheadh	20
Gnáthóga Tailte Féaraigh	22
Brat Glas a Bhunú as barr curtha	23
Fálta Sceach a Leagan Amach	24
Curaíocht Íosta	35
Imill Inse	26
Sciodar a Scaipeadh (Teicneolaíochtaí Nua a Úsáid)	27
Talamh Féaraigh ar mhórán Speiceas	28
Ballaí Cloiche Singile Traidisiúnta a Choinneáil	32
Úlloird Éireannacha Thraidisiúnta	33
Móinéar Traidisiúnta	37
Brat Éan Fiáin	38

Cuid II : Natura 2000

Coinníollacha le haghaidh láithreáin Natura áirithe

Bratphortaigh, Móintigh agus Tailte Féaraigh Sléibhe	42
Limistéir Dhuimhche agus Mhachaire	45
Coinníollacha Feirmeoireachta le haghaidh Chaomhnú Aibhneacha na Limistéar atá faoi Chaomhnú Speisialta	49
Tailte Féaraigh Fhliucha, ar a n-áirítear Calaí, Talamh Féaraigh Íseal Fliuch, Eanaigh agus Riasca	50
Gnáthóga Éan Fiáin a bhfuil tosaíocht acu (Beart na dTraonach)	53

Fálta Sceach Nua a Bhunú

Don bheart seo ní mór duit fálta sceach nua a chur ar do chuid talún.

A bhfuil le déanamh agat

Ní mór an obair a bheith curtha i gcrích roimh an gcéad séasúr cuir (geimhreadh) tar éis duit cead a fháil a bheith páirteach sa scéim.

Ní mór fad 30 méadar leanúnach ar a laghad a chur.

B'fhéarr i bhfad go bhfaighfeá an speiceas a chuireann tú ó fhoinsí síl dúchais na hÉireann. Tá liosta Speiceas Fálta Sceach Dúchais ar leathanach 2.

Smaoinigh, agus an speiceas á roghnú agat, ar céard is cuspóir don fhál sceach. Is mó fiadhúlra a bheidh i bhfál ilspeiciseach agus beidh cuma níos fearr air, ach más mian leat é a bheith stocdhíonach, is gá gur speicis dheilgneacha a bheidh ann den chuid is mó – 80% ar a laghad.

Roghnaigh speicis atá oiriúnach don láithreán.

Cuir iad idir mí na Samhna agus mí Feabhra. Ná bí á gcur faoi dhálaí aimsire atá an-fhliuch nó an-siocúil. Ba chóir go mbeadh 6 phlanda ar a laghad ann in aghaidh an mhéadair.

Is gá cúram a dhéanamh den fhál nuachurtha chun go mbunófar i gceart é. Scoith siar an fás spíceach ar bharr na sceiche gile le go spreagfar fás aníos ón mbun. A luaithe a bheidh an fál curtha agat, cuir sconsa thart air le stoc a choinneáil amach uaidh agus lena chosaint ó choiníní agus giorriacha.

Ní mór féar agus fiailí a choinneáil faoi smacht.

Cuir plandaí nua síos an tráth cuí in áit na gceann a dteipeann orthu nó fhaigheann bás.

Speicis Fálta Sceach Dhúchasacha

Speiceas	Tréithe	Láithreáin
An Draighean nó An Airne	Tor a fhásann go sciobtha. Cruthaíonn sé bacainn stocdhíonach dhothreáite nuair a bhíonn sé dea-bhunaithe. Cuireann sé meatháin fhréamhacha amach ar gá iad a bhainistiú go rialta. Sárphlanda le fálta sceach a bhearnú. Seasann sé go maith ar é a theascadh. Is féidir é a iomadú as na meatháin fhréamhaithe. Claonadh aige éirí lom ag an mbun.	Cruthaíonn an Draighean go maith in ithreacha troma agus gainmheacha. Ní baol dó salann, agus feileann sé d'áiteanna cois cósta agus atá oscailte.
Driseacha, Sméara Dubha	Is minic a chuireann na driseacha leis an stocdhíonadh i bhfál. Tá réimse leathan bia le fáil ag an bhfiadhúlra as na bláthanna agus na torthaí. Is planda tábhachtach é an sméar dubh do na beacha. Mura gcoinnítear súil ar na driseacha leathfaidh siad amach sna páirceanna trí fhréamhú as a mbioranna agus ba chóir iad a smachtú.	
An Gabhrán	Tor dreaphach. Is minic a chlúdaíonn sé fálta agus toim go huile is go hiomlán. Dreapann sé trí ghais a nduilleog a chasadh timpeall ar phlandaí eile. Meallann na bláthanna beaga glasa neamhshuntasacha na beacha agus na cuileoga. Is as na meallta móra torthaí cleiteacha atá an-fheiceálach san Fhómhar agus sa Gheimhreadh a fhaigheann an planda seo an leasainm atá air, 'Féasóg an tSeanduine'. Is tor é a chruthaíonn go han-mhaith in ithreacha aolacha. Is tor fíorálainn é ar an bhfál san Fhómhar, go háirithe ar maidin tar éis oíche sheaca.	

Speiceas	Tréithe	Láithreáin
An Crann Fia-úll	Is féidir fáil maith a chruthú leis an gcrann fia-úll. Níl sé chomh dothreáite leis an Sceach Gheal ná an Draighean, Ba chóir é a mheascadh le speicis eile. Soláthraíonn sé gnáthóg mhaith don fhiadhúlra agus gabhann luach taitneamhachta ard leis.	Feileann sé d'ithreacha torthúla saorshilteacha. Ní chruthóidh sé go maith i gcréanna fuara troma. Bíonn an Crann Fia-úll ar fáil go headrannach i bhfálta sceach, agus cibé áit a mbíonn sé ba chóir é a fhorbairt agus ligean dó teacht in inmhe.
An Fheirdhris	Bíonn an Fheirdhris agus speicis róis ghaolmhara eile le fáil coitianta i bhfálta sceach agus iad ag sníomh trí na crainn agus na toir. Gabhann luach taitneamhachta an-ard lena bláthanna agus lena torthaí (mogóirí) agus is foinse thábhachtach bhia iad don fhiadhúlra. Cibé áit a bhfuil siad ba chóir iad a choinneáil.	
An Tromán	Crann beag gioblach díchumtha é atá coitianta i bhfálta sceach. Coirt chorcúil de chineál liath atá aige agus brainsí ina bhfuil laíon bog. Bláthanna bána atá air as a leanann triopaill torthaí corcra. Faigheann réimse leathan speiceas fiadhúlra bia ó na bláthanna agus na torthaí.	
An Leamhán	Crann dúchasach tearc is ea an Leamhán Sléibhe nach bhfuil le fáil ach i ngleannta sléibhe san Iar-Thuaisceart. Tugadh an Leamhán Gallda isteach arís le linn ré na Normannach. Ní raibh an tábhacht chéanna riamh leis an Leamhán i bhfálta sceach anseo agus a bhí aige i Sasana. Is mar chrann fearainn páirce ornáideach a cuireadh ar dtús é. Ainneoin an scrios a rinne an Galar Dúitseach Leamhán, is minic a bhíonn sé le feiceáil i bhfálta sceach mar mheatháin a bhféadfaidh an galar an ceann is fearr a fháil air i ndeireadh thiar. Cibé áit a bhfuil sé ba chóir é a choinneáil.	

Speiceas	Tréithe	Láithreáin
An tAiteann	Tá sé flúirseach sna codanna is tirime d'Éirinn. Ní chruthaíonn sé bacainn mhaith stocdhíonach as féin. Ba chóir é a ghearradh siar go dian nuair a éiríonn sé tanaí agus cuma na gcos air ag an mbun. Níor chóir aiteann a leagan síos ach é a bhearradh siar go déanach sa Gheimhreadh.	Cruthaíonn an t-aiteann go maith in ithreacha bochta éadroma. Fásfaidh sé ar láithreáin oscailte an-tirim in áiteanna nach dtig le speicis eile bláthú. Tá sé in ann salann a sheasamh agus feileann sé do láithreáin oscailte agus láithreáin feadh an chósta.
An Chaor Chon	Tor taitneamhach fáлта sceach agus ardluach taitneamhachta aige. Tor mór láidir agus duilleoga liopacha ar chuma na mailpe air a dtagann dath láidir orthu san Fhómhar. Bláthanna bána a bhíonn air i mí an Mheithimh agus mí Iúil as a leanann torthaí corcairdhearga san Fhómhar a bhíonn á n-ithe ag na héin.	
An Coll	Tá an coll an-oiriúnach lena bharrscoitheadh agus a leagan. Gabhann ardluach taitneamhachta agus fiadhúlra leis: is foinse luath tábhachtach pailine é do na beacha. Is féidir iliomad úsáideanna a bhaint as na gais bharrscoite.	Cruthaíonn an Coll go maith ar dhúrabhain agus ar ithreacha mínaigéadacha. Ní bhíonn cuma rómhaith air in aeráid atá rófhliuch. Is maith an rogha é le haghaidh ithreacha aolchloiche saorshilteacha.
An Cuileann	Crann síorghlas mallfháis a bhfuil ardluach taitneamhachta aige. Cruthaíonn sé bacainn stocdhíonach daingean. Is maith an planda é le haghaidh bearnú. Féadann sioc dochar a dhéanamh dó.	Fásfaidh an Cuileann ar ithreacha créúla, ar ghaineamh agus ar ghairbhéal. Ní fásfaidh sé ar láithreáin fhliucha. Is gá go mbeadh idir phlandaí fireannacha agus plandaí baineannacha ann le caora a tháirgeadh.

Speiceas	Tréithe	Láithreáin
An tEidhneán	<p>Planda dúchais síorghlas is ea an tEidhneán a ngabhann ardluach fiadhúlra leis: Cuireann sé gnáthóg ar fáil d'fheithidí agus láithreáin neadacha do na héin. Go déanach san Fhómhar a thagann sé faoi bhláth agus is é an planda tábhachtach deiridh é a bhíonn ar fáil ag na feithidí le haghaidh neachtair agus pailine. Na torthaí dubha a aibíonn san earrach, bíonn siad á n-ithe ag na héin agus ag mamaigh bheaga, na cait chrainn go háirithe. Ní planda seadánach é an t-eidhneán: na fréimhíní beaga a bhíonn á gcur amach ag na péacáin, cuidíonn siad leis an bplanda cloí leis an taca a bhíonn faoi: níl aon chumhachtaí treáiteacha acu. Sna crainn, cloíonn an t-eidhneán lena óstach, ní bhaineann sé aon bhia as, agus fad bhíonn dea-bhail ar an gcrann beidh an t-eidhneán ina phlanda tánaisteach agus ainneoin go mbíonn sé ag dreapadh an tamhain agus na mbrainsí, ní thig leis aon dochar a dhéanamh. Sa chás go dtiocfadh meath ar an gcrann ar chúis ar bith agus go dteipfeadh air duilleoga a chur amach, gheobhaidh an t-eidhneán an ceann is fearr air mar is léir go minic ar chrann leamháin a bhfuil an Galar Dúitseach Leamhán air.</p> <p>I gcás gur gá é, féadtar eidhneán a bhainistiú. Féadtar ligean d'eidhneán forbairt ar chrainn áirithe laistigh d'fhál sceach, ach é a smachtú ar chrainn eile nó ligean dó fás gan aon srian ar feadh blianta fada agus a smachtú nuair a éiríonn an fás róthrom. Ar bhallaí atá sách láidir, níl aon dochar san eidhneán, agus go deimhin is rud tairbhiúil é mar go gcoinníonn sé tirim iad sa gheimhreadh agus fionnuar sa samhradh. I gcás ballaí atá an-lag féadfaidh go leagfar iad má bhíonn moll mór eidhneáin ag gobadh amach ar bharr an bhalla agus go n-éiríonn sé trom leis an mbáisteach nó leis an sneachta ar dhóigh go bhféadfaidh gaoth láidir é a leagan. Is féidir é sin a sheachaint ach an t-eidhneán a scoitheadh agus fad a chur le saol an-chuid ballaí ach an Brat eidhneáin atá air a bhainistiú. Go déanach san Earrach is cóir ballaí atá clúdaithe le heidhneán a scoitheadh. Más gá, is féidir an t-eidhneán a bhaint de chrainn agus de bhallaí ach an gas atá díreach os cionn na talún a ghearradh agus an dara gearradh a dhéanamh 10 cm ar a laghad lastuas den chéad gearradh. Ba chóir an chuid theasctha sin a bhaint amach.</p>	

Speiceas	Tréithe	Láithreáin
An Crann Feorais	Tor fáil sceach a bhfuil gais ghlasa láidre aige, agus corrúair é ina chrann beag. Tá an t-adhmad an-chrua agus d'úsáidte fadó é le sáite adhmaid agus pionnaí éadaigh a tháirgeadh. I ndiaidh na mbláthanna beaga atá cineál glas, leanann capsúil síl 4-liopacha dearga cuidsúlacha. Tá cuma an-álainn ar fad ar an gCrann Feorais sa gheimhreadh.	
An Sceach Gheal	Planda fáil sceach dúchasach uileláithreach atá righin crua, agus a fhásann go sciobtha. Ní baol dó dianghearradh agus leagan. Bíonn éagsúlacht mhór ar dhath na mbláthanna tráth an bhlátha. Foinse thábhachtach pailine agus neachtair d'inveitribaigh, Planda mór foráiste do na beacha.	Feileann sé d'fhorhmhór na n-ithreacha ach amháin i gcás iad a bheith an-fhliuch. Ní bhláthaíonn sé ar thailte arda. Is furasta dó an Smol Dóite a tholghadh; níor chóir é a chur láimh le plandlanna crann/tor ná le húlloird thráchtála.
An tSaileach	Crann dúchasach is ea an tsaileach. Déanann an iliomad speiceas hibridiú gan stró. Fásann an crann go sciobtha agus táirgeann se adhmad trom. Cineál planda é is furasta a leagan. Ní maith iad na crainn sailí le fáilta stocdhíonacha a dhéanamh ach thairis sin gabhann ardluach fiadhúlra agus taitneamhachta leo. Na bláthanna fireannacha, na caitíní, is foinse luath pailine iad do na beacha.	Úsáideach do láithreáin fhliucha mar a bhfuil an rogha speiceas sách tearc. Ní baol dó tuilte. Is féidir é scaipeadh as gearrthóga crua-adhmaid.
An Féithleann	Tor dreapthach is ea an féithleann a shníonn trí chrainn agus toir na bhfálta sceach. Gabhann ardluach taitneamhachta leis. Cuireann na bláthanna cumhra neachtar agus pailin ar fáil d'fheithidí agus caora corcairdhearga a leanann astu ar furasta do na héin iad a ithe.	

Foinse mhalartach uisce do bhó-ainmhithe

Níl sé ceadmhach go mbeadh rochtain ag ainmhithe a bhíonn ag innilt ar shruthchúrsaí ar an bhfeirm. Ní mór duit soláthar malartach uile agus umair óil a sholáthar.

Chun críche an bhirt seo, mínítear sruthchúrsa mar chainéal oscailte a mbíonn uisce á sheoladh tríd ar feadh 9 mí den bhliain.

Riachtanais:

1. Caithfidh sruthchúrsa nó sruthchúrsaí a bheith ar an talamh.
2. Ní mór fiontar eallaigh a bheith ar an ngabháltas.
3. Níl sé ceadaithe go mbeadh rochtain ag na hainmhithe ar aon shruthchúrsaí ar an bhfeirm. Ní mór gach aon sruthchúrsa a fhálú.
4. Ní mór umair uisce a sholáthar do na hainmhithe a bhíonn ag innilt i bpáirceanna atá láimh leis na sruthchúrsaí atá i gceist. Ní mór umar amháin a bheith ann i ngach páirc nó plásán.
5. Ní ceadmhach na humair uisce a bheith suite taobh leis na sruthchúrsaí.
6. Ní mór suíomh agus líon na n-umar a mharcáil ar an léarscáil.
7. Ní mór sconsa a bheith timpeall ar na sruthchúrsaí agus go mbeadh na humair agus an soláthar uisce suiteáilte faoi dheireadh mhí an Mheithimh tar éis thosach an chonartha. Ní mór na fáлта, na humair agus an soláthar uisce a choinneáil ann agus iad a choinneáil faoi dhea-ord ar feadh ré an chonartha.

Imill Arúla

Don bheart seo, ní mór duit imeall 3-mhéadar a choinneáil feadh teorann iomlán nó teorainneacha iomlána dáileachta LPIS [Córais Faisnéise Dáileachta Talún]. Ní mór duit an limistéar mar a bhfuil tú á dhéanamh seo a mharcáil ar an léarscáil.

A bhfuil le déanamh agat

Is féidir an t-imeall 3-mhéadar a bhunú trí ligean don athghiniúint nádúrtha tarlú.

Ní mór do na himill a bheith ann feadh ré an chonartha.

Ní ceadmhach aon saothrú a dhéanamh ar an ithir nuair a bhíonn an t-imeall bunaithe.

Ní mór an féar ar an imeall a bhaint uair sa bhliain ar a laghad – ach gan é sin a dhéanamh roimh an 15 Lúnasa – agus a bhfuil bainte a thabhairt chun siúil. De mhalairt ar sin féadfar innilt éadrom a cheadú tar éis an 15 Lúnasa.

Ní ceadmhach lotnaidicídí (lena n-áirítear luibhicídí, feithidicídí, fuingicídí, millíní drúchtín agus rialaitheoirí fáis) a chur ar na himill pháirce.

Ní ceadmhach leasacháin cheimiceacha agus/ná orgánacha a chur ar na himill.

Crainn Leathanduilleacha a Chur

Don bheart seo ní mór duit crainn as an liosta seo thíos a chur. Ní mór duit speicis oiriúnacha agus láithreáin don chur a roghnú agus ní mór duit an ithir a réiteach i gceart. Roghnú na speiceas oiriúnach, na láithreán agus ullmhú na hithreach, is den ríthábhacht é i dtaca leis na crainn a bhunú go rathúil.

Ní mór na láithreáin chuir a bheith ina bplásáin iomlána LPIS (Córais Faisnéise Dáileachta Talún) . Ní mór duit na plásáin seo a thaispeáint ar an léarscáil chomh maith le líon na gcrann a bheidh le cur. Ní mór an cur ar fad a dhéanamh sa chéad séasúr cuir (idir deireadh mhí Dheireadh Fómhair agus deireadh mhí an Mhárta) tar éis duit dul isteach sa scéim.

Ní mór na crainn a chur mar seo a leanas:

Suíomh: Ní mór crainn a chur i suímh oiriúnacha. Smaoinigh ar ghrúpaí crann a chur ag crosbhealach na bplásán. Is lú an cur isteach a bheidh ar do ghníomhaíocht feirme as crainn a bheith curtha sna coirnéil pháirce thadhlaigh seo agus soláthróidh siad an luach is fearr i dtaca le fiadhúlra agus tírdhreach nuair a bheidh siad aibí.

An rud is ceart a cur: A luaithe a roghnófar na láithreáin chuir, ba chóir na speicis crainn is feiliúnaí a roghnú ón liosta.

- Ní mór tús áite a thabhairt do speicis crainn dhúchasacha a úsáid.
- D'fhonn cur le caomhnú acmhainní géiniteacha na hÉireann ba chóir na crainn a fháil ón tús ó fhoinsí dúchasacha feiliúnacha síl dúchais.
- Cuir síos speicis a chomhlánóidh na speicis sin atá ag fás ar an talamh cheana féin.
- Cuir dálaí aiceanta gach láithreáin san áireamh e.g. an cineál ithreach, an draenáil, oscailteacht etc., agus roghnaigh na speicis a n-éireoidh leo ar láithreáin den sórt sin. Cuimhnigh go bhfuil speiceas crainn ann a n-éireoidh leis ar bhunáite na láithreán.
- Ba choir an fad idir na crainn a chuirfear a áireamh i gcomhthéacs airde an chrainn mar a bheidh i ndeireadh thiar, agus dóthain spáis a fhágáil le go bhfásfaidh agus go bhforbróidh sé go nádúrtha.
- Roghnaigh speicis a fheileann d'úsáid agus méid gach láithreáin. Cuir san áireamh airde an chrainn ar deireadh agus é fásta, seachain láithreáin ina bhfuil sreanga os a gcionn in airde, nó atá taobh le bóthar iarainn, ró-ghar d'fhoirgnimh etc.

Fálú. I gcás ina gcuirtear crainn ina ngrúpaí ní mór beostoc a choinneáil amach ar fad ó na plandaí nua. Ba chóir gach crann aonair a chosaint ó ainmhithe atá ag innilt.

Smachtú Fiailí: Is den bhunriachtanas é fás féir agus fiailí a choinneáil faoi smacht timpeall ar chrainn úra go dtí go mbeidh siad bunaithe i gceart. Féadtar féar agus fiailí a smachtú trí shiúl orthu nó trína ngearradh nó trí luibhicídí nó mótaí feiliúnacha a úsáid.

Plandaí a chur: Ba chóir crainn fhréamhloma a thabhairt amach le linn an tséasúir shuanaigh, ó dheireadh mhí Dheireadh Fómhair go hiondúil go dtí deireadh mhí an Mhárta ach gan é a dhéanamh agus an talamh reoite nó leathbháite.

Ní mór crainn nua a chur ina n-ionad siúd a dteipeann orthu

Tuilleadh eolais le fáil ó <http://www.enfo.ie/>.

Méid an chrainn is ceart a chur

Tá soláthar sa bheart do dhá chineál crainn a chur. Féadfaidh tú meascán den dá chineál a chur más maith leat. Déantar costáil ar leithligh ag an dá chineál.

An Crann Lánairde agus An Crann Leathairde:

Na crainn seo tá tamhan timpeall 1.2 méadar acu go dtí an chéad bhainse. Suas le 2 mhéadar ar airde a bhíonn siad agus imlíne gais timpeall 6 – 10 ceintiméadar acu. Fástar i gcoimeádán iad ar dhóigh lena ligtear an crann a chur tráth ar bith sa bhliain (ní mór uisce a choinneáil leis má chuireann tú go déanach san Earrach nó sa Samhradh é) nó fhástar in ithir na plandlainne é, baintear aníos sa gheimhreadh é agus díoltar é agus fréamhacha loma air. Ní mór iad a chur agus iad fós ina suan i.e. sa gheimhreadh. Beidh stacán fada ag teastáil don chrann mar aon le ceangal feiliúnach mar thaca go dtí go mbeidh sé bunaithe i gceart.

Athphlanda nó Buinneán:

AN cineál crainn seo is iondúil é a bheith fréamhlom agus níos óige agus níos lú. Ba chóir na hathphlandaí fréamhloma seo a bheith timpeall 1,000-1,200mm ar airde ar a laghad (buinneáin láidre) agus fréamhchóras maith snáithíneach acu. Féadfaidh go mbeidh gá ag an gcrann le stacán éadrom agus ceangal lena chosaint agus chun tacú leis sna blianta luatha aige go dtí go mbunófar é.

CRAINN LEATHANDUILLEACHA DÚCHASACHA

AN SPEICEAS	AN LÁITHREÁN	SAINTRÉITHE	BARÚLACHA
	OPTAMACH		

AN SPEICEAS	AN LÁITHREÁN OPTAMACH	SAINTRÉITHE	BARÚLACHA
An Fhearnóg	Speiceas inúsáidte an-chrua is ea an Fhearnóg Choiteann a oireann do láithreáin fhlíucha. Speiceas maith don fhiadhúlra.	Crann fosaithe nítrigine a fhásann go sciobtha. Crann leathanduilleach é a oireann fiú do na láithreáin is fliche	Mionspeiceas foraoise. Crann dúchasach is ea an Fhearnóg Choiteann. Is furasta é a bharrscoitheadh agus féadtar é a úsáid i meascáin ar láithreáin an-neamhthorthúil. Tá sé luachmhar mar chrann scátha.
An Fhuinseog	Speiceas é nach mór an-chúram a dhéanamh de. Is gá dálaí maithe ithreach chuige agus b'fhearr iad a bheith faoi scáth. Is fearr a fheileann dúrabháin thorthúla dea-dhraenáilte dó.	Speiceas é a fhásann go han-sciobtha.	Mórspeiceas mórfhoraoise. Crann dúchasach.
An Bheith	Speiceas ceannródaíoch dá n-oireann ithreacha agus móinte aigéadacha.	Speiceas cru a fhásann go sciobtha. Seasann sé go maith in áit oscailte agus in aghaidh an tseaca. Úsáideach mar bharr cumhdaigh i meascáin ach ní mór é a choinneáil faoi smacht nó tachtfaidh sé speiceas crainn is lú fás.	Crann beag an-mhealltach. Mionspeiceas foraoise. Is furasta crainn óga a bharrscoitheadh. Féadfar leas a bhaint as chun an ithir a fheabhsú. Féadtar é a mheascadh isteach i gcriosanna foscaidh

AN SPEICEAS	AN LÁITHREÁN OPTAMACH	SAINTRÉITHE	BARÚLACHA
An Sceach Gheal	Bunáite na n-ithreacha torthúla saordhraenála	Is mar chrann fáil sceach is mó a fhástar é. Is crann an-mhealltach é ach é a fhás leis féin mar chrann lánairde.	Crann a bhaineann le himeall na coillearnaí. Is crann maith é lena mheascadh le speicis eile. Spéisiúil ó thaobh cuma, bláthanna, duilleoga agus torthaí de.
An Dair Ghallda	Dúrabháin thorthúla doimhne dea-aerithe. Cruthóidh sé go maith ar ithreacha níos troime	Crann é a fhásann go mall agus a mhaireann i bhfad	Mórspeiceas foraoise. Ceann dár líon beag crann leathanduilleach dúchasach. Luach taitneamhachta agus fiadhúlra an-ard.
An Caorthann	Feileann láithreáin aigéadacha ísealchríche agus sléibhe dó. Seasfaidh sé fiú i láithreáin alcaileacha.	Crann crua a bhfeileann láithreáin oscailte dó. Crann taitneamhachta a úsáidtear go forleathan	Mionspeiceas foraoise. Crann dúchasach. Tugann tacaíocht mhaith don fhiadhúlra.
An Dair Ghaelach	Is mó glacadh atá aige le hithreacha is lú torthúlacht agus a bhfuil uigeacht níos éadroime acu ná mar atá ag <i>Q robur</i>	Ní bhfaighidh tú adhmad maith as an Dair Ghaelach ar ithreacha atá ródhraenáilte nó gainmheach	Mórspeiceas foraoise. Crann dúchasach Éireannach. Ainmnithe anois mar chrann náisiúnta na hÉireann.
An Seiceamar	Bunáite na n-ithreacha torthúla	Crann crua a bhfeileann láithreáin oscailte dó	Cé nach crann dúchasach <i>per se</i> atá ann, tá sé scaipthe go forleathan agus tá sé an-úsáideach. Tá sé ar cheann den líon beag crann leathanduilleach a fhásfaidh ar láithreáin an-oscailte, agus fiú ar láithreáin chósta.

AN SPEICEAS	AN LÁITHREÁN OPTAMACH	SAINTRÉITHE	BARÚLACHA
An Fionncholl	Bunáite na n-ithreacha mianracha torthúla	Crann lena ngabhann taitneamhacht mhealltach atá feiliúnach freisin mar chrann scátha	Mionspeiceas foraoise. Crann dúchasach. Glacfaidh sé le láithreáin oscailte agus chósta
An Crann Silíní Fiáin	Ithreacha mianracha dea-dhraenáilte doimhne. Is fearr a réitíonn ithreacha aigéadacha leis ach cruthóidh sé go maith ar dhúrbháin os cionn cloch aoil.	Fásann sé go sciobtha. Gá aige le solas agus le neart spáis. An t-aon chrann leathanduilleach tráchtála a bhfuil bláthanna mealltacha aige.	Mórspeiceas foraoise. Crann dúchasach. Féadfaidh go mbainfidh cancar baictéarach dó nó go n-ionsóidh aifidí é.
An tSaileach	Speiceas atá úsáideach ar láithreáin fhliucha agus ar thalamh cois srutháin.	Fásann go sciobtha. Úsáideach lena chaomhnú agus mar thaitneamhacht ach go hannamh le haghaidh táirgeadh adhmaid. Féadtar an tSaileach a úsáid ar iliomad bealaí mar chóras creasa foscaidh	Mionspeiceas foraoise. Crann dúchasach. Crann taitneamhach nuair a fhástar é mar chrann lánairde

Acmhainní Géiniteacha Ainmhíocha a Chaomhnú (Póir Thearca)

Má thógann tú ainmhithe de na speicis seo a leanas féadfaidh tú an beart seo a roghnú:

Eallach

Ciarraí

Dexter

An Bhó Mhaol Éireannach

Capaill agus capaillíní:

Capaillín Chonamara

An Capall Tarraingthe Éireannach

Capaillín Portaigh Chiarraí

Caoirigh

Caoirigh na Gaillimhe

Déanfar íocaíocht ar mheánaonaid bheostoic (AB) na n-ainmhithe cláraithe sa bhliain.

Ríomhtar aonaid bheostoic lena mbreithniú le haghaidh íocaíochtaí mar seo a leanas:

Eallaí faoi 6 mhí	0.4 AB
Eallaí 6 mhí go 2 bhliain	0.6 AB
Eallaí os cionn 2 bhliain (ba san áireamh)	1.0 AB
Eachaithe os cionn 6 mhí d'aois	1.0 AB
Caora (+/- Uain ar diúl)	0.15 AB
Uan Caora (6 mhí – 1 bhliain d'aois beartaithe/coinnithe le haghaidh póru)	0.10 AB
Reithe	0.15 AB

Tá feidhm ag na coibhéisigh Aonad Beostoic thuas nuair a choinnítear ainmhí ar feadh bliain iomlán. Déanfar íocaíocht faoin mbeart seo ag deireadh na bliana taifeadta arna bhunú ar an meán míosúil feadh na bliana taifeadta. Ní mór taifid mhíosúla a choinneáil sa mhodh forordaithe ar Leathán Taifid na bPóir Tearc.

Riachtanais Ghinearálta

Ní mór duit a bheith i do chomhalta de chumann póir ceadaithe agus fanacht mar chomhalta den chumann póir do thréimhse an chonartha.

Ní mór duit taifead míosúil cothrom le dáta a choinneáil de na hainmhithe cláraithe ar fad atá ar an ngabháltas agus cóip a sheoladh ar aghaidh le d'éileamh ar íocaíocht.

Ní mór an sliocht bainneannach uile ó chúpláil fholaíochta a chlárú leis an gcumann póir ábhartha.

I gcás na laonna uile ó chúpláil fholaíochta ní mór a mbreith a chur in iúl don chumann póir ábhartha agus/nó a chlárú leis. Ní mór na huain agus na searraigh uile a chlárú leis an gcumann póir ábhartha.

D'fhonn cáiliú chun íocaíocht a fháil, níor mhór go mbeadh sliocht cláraithe táirgthe ag aosaigh bhaineannacha uair amháin ar a laghad san dá bhliain roimhe sin.

I gcás na n-ainmhithe uile a cháilíonn le híocaíocht a fháil ní mór iad a bheith aitheanta go soiléir at Leathán Taifead na bPór Tearc.

Na doiciméid atá ag teastáil agus tú ag déanamh iarratais ar íocaíocht:

Ní mór duit fianaise a sholáthar faoi chlárú/bhreith a bheith curtha in iúl, mar is cuí, mar aon le sainaitheint an ainmhí a bhfuil tú ag éileamh íocaíochta ina leith;

Ní mór duit meán na n-aonad beostoic a cháilíonn le haghaidh íocaíochta a dhearbhu trí chóip de Thaifid na bPór Tearc, arna gcomhlánú, a sheoladh ar aghaidh mar aon le cruthúnas doiciméadach chun an bonn atá faoin éileamh ar íocaíocht a léiriú.

Riachtanais le haghaidh na gcineálacha éagsúla ainmhithe:

Eallaí

Breithneofar gach aon bhaineannach is lú ná 2 bhliain d'aois le haghaidh íocaíochta.

Ní mór bainneannach aosach (os cionn 2 bhliain d'aois) a chúpláil le fireannach folaíochta den phór céanna ag gach cúpláil agus níor mhór go mbeadh sliocht táirgthe acu uair amháin ar a laghad san dá bhliain roimhe sin chun cáiliú le haghaidh íocaíochta.

Breithneofar gach aon fhireannach is lú ná 3 bliana d'aois le haghaidh íocaíochta.

Breithneofar fireannaigh os cionn 3 bliana d'aois, faoi réir uasmhéid 1 tarbh i leith 5 bhó, le haghaidh íocaíochta.

Capaill agus capaillíní

Caithfidh pas a bheith ag gach aon chapall agus capaillín (ceanglas dlí is ea é seo).

Breithneofar gach aon bhaineannach agus fireannach atá idir 6 mhí agus 3 bliana d'aois le haghaidh íocaíochta.

Ní mór aosach baineannach (os cionn 3 bliana d'aois) a chúpláil le fireannach folaíochta den phór céanna ag gach cúpláil agus níor mhór go mbeadh sliocht cláraithe táirge aici uair amháin ar a laghad san dá bhliain roimhe sin chun go mbreithneofar í la haghaidh íocaíochta.

Breithneofar gach aon stail atá os cionn trí bliana d'aois le haghaidh íocaíochta.

Caoirigh

Breithneofar gach aon bhaineannach atá idir 6 mhí d'aois agus aon bhliain d'aois le haghaidh íocaíochta.

Ní mór aosach baineannach (os cionn 1 bhliain d'aois) a chúpláil le fireannach folaíochta ag gach cúpláil agus níor mhór go mbeadh sliocht táirgthe aici uair amháin ar a laghad sa bhliain taifeadta roimhe sin chun go mbreithneofar í le haghaidh íocaíochta.

Níl fireannaigh faoi bhun 1 bhliain d'aois cáilithe le haghaidh íocaíochta.

Breithneofar fireannaigh atá os cionn 1 bhliain d'aois le haghaidh íocaíochta faoi réir uasmhéid 1 reithe i leith 5 chaora aosacha.

Cumainn Phórucháin:

<p>Cumann Eallaí Chiarraí na hÉireann/Ciarraí Cattle Society of Ireland Ms. Raymonde Hilliard, Rúnaí, Cahernane, Cill Airne, Co. Chiarraí. 064 31840</p> <p>ríomhphost: secretary@Ciarraicattle.ie gréasán: www.Ciarraicattle.ie</p>	<p>Cumann Eallaí Dexter na RA/ UK Dexter Cattle Society Mrs Yvonne Froehlich, Rúnaí, Dexter Cattle Society, 1st Floor RASE Offices Stoneleigh Park Warks CV8 2LZ Teil: 02476 692300</p> <p>ríomhphost: secretary@dextercattle.co.uk gréasán: www.dextercattlesociety.co.uk</p>
<p>Cumann Eallaí Maola na hÉireann/ Irish Moiled Cattle Society Ms. Jane Light, Rúnaí, Cumann Eallaí Maola na hÉireann/ Irish Moiled Cattle Society, 7 The Terrace Martinstown Dorchester Dorset DT2 9JY 0044 1305 889828</p> <p>ríomhphost: mjlight@bun.com gréasán: www.irishmoiledcattlesociety.com</p>	<p>Cumann Phóraitheoirí Chaoirigh na Gaillimhe/ Galway Sheep Breeders Society Mr. Tom Murphy, Rúnaí Cúnta, Shrlea An Chríoch, Co. na Gaillimhe 090 9644233</p> <p>ríomhphost: teamurphy@eircom.net</p>

<p>Cumann Phóraitheoirí Chapaillíní Chonamara /Connemara Pony Breeders Society</p> <p>Ms. Niamh Philbin, Rúnaí, The Showgrounds, An Clochán, Co. na Gaillimhe 095-21863</p> <p>ríomhphost: enquiries@cpbs.ie gréasán: www.cpbs.ie</p>	<p>Bord na gCapall</p> <p>Beech House Páirc na Mílaoise Baile Osbeirn An Nás Co. Chill Dara</p> <p>ríomhphost: ihb@ihb.ie gréasán: www.irishhorseboard.com</p>
<p>Comharchumann Chapaillíní Portaigh Chiarraí /The Ciarraí Bog Pony Co- Operative Society</p> <p>Ms Sinead Byrne Rúnaí Comharchumann Chapaillíní Portaigh Chiarraí / The Ciarraí Bog Pony Co- Operative Society Carrickleas House Bóthar Cheatharlach Cill Chuilinn, Co. Chill Dara</p> <p>ríomhphost: info@Ciarraibogpony.ie gréasán: www.Ciarraibogpony.ie</p>	

Fálta Sceach a Bharrscoitheadh

Má tá seanfhálta teorann páirce feiliúnacha agat atá fágtha gan chúram féadfaidh tú an Beart seo a roghnú. Is modh é an barrscoitheadh le fálta sceach a athnuachan i gcás ina ngearrtar siar gais na gcrann go dtí 10 cm os cionn leibhéal na talún. Fásfaidh bachlóga suanacha ar na stumpaí gearrtha arís agus tiocfaidh siad in inmhe i bhfad na haimsire mar fhál sceach athneartaithe.

A bhfuil le déanamh agat

Ní mór fad leanúnach 30 méadar ar a laghad a bharrscoitheadh.

Féadtar an barrscoitheadh a dhéanamh le sábh slabhrach nó sábh ciorclach sa séasúr suanach (míonna an gheimhridh).

I ngach aon bhliain iomlán fhéilire de do chonradh, ní mór duit an cúigiú cuid ar a laghad d'fhad iomlán an fháil sceach a chuir tú i d'iarratas a bharrscoitheadh.

Ní mór an fás nua a thagann ar aghaidh ó leibhéal na talún a chosaint go dtí go mbíonn sé bunaithe.

Ní mór an fad línéir (méadair) a bheidh tú a bharrscoitheadh a aithint ar theorainn na bplásán LPIS (Córais Faisnéise Dáileachta Talún) agus a mharcáil ar an léarscáil.

Speicis leathanduilleacha amháin atá feiliúnach lena mbarrscoitheadh. Ní hiondúil go bhfásann buaircínigh ar ais as stumpaí gearrtha.

Áirítear na speicis seo a leanas orthu sin a dtiocfaidh athghiniúint orthu ar iad a bharrscoitheadh:

An Fhearnóg

An Fhuinseog

An Bheith

An Sceach Gheal

An Coll

An Cuileann

An Dair

An Phoibleog

An Castán

An Seiceamar

An tSaileach

Gnáthóga Tailte Féaraigh

Don Bheart seo ar thailte féaraigh, ní mór duit imeall fálaíthe 2.5 méadar a bhunú agus a choinneáil feadh teorann nó teorainneacha dháileacht iomlán LPIS (Córais Faisnéise Dáileachta Talún). Ní mór an t-imeall a bhunú agus a fhálú faoi dheireadh mhí an Mheithimh tar éis thús an chonartha, agus ní mór é a choinneáil ar feadh ré an chonartha.

A bhfuil le déanamh agat

- I gcás teorainneacha páirce fálaíthe sceach, ní mór don imeall síneadh 2.5 méadar ó theorainn sheachtrach an fháil sceach.
- Ní mór an t-imeall a fhálú chun beostoc a choinneáil amach.
- Ní ceadmhach duit leasacháin ná lotnaidicídí a chur síos laistigh den imeall.
- Ní mór an t-imeall a choinneáil. Féadfar an féar a bhaint nó féadfaidh ainmhithe beagán innilte a dhéanamh air uair sa bhliain, ach gan é sin a dhéanamh roimh an 1 Lúnasa. Má ligtear d'ainmhithe innilt, ní mór iad a fhágáil ann don tréimhse is lú is gá chun an fásra a smachtú. Ná déan dochar don imeall.

Brat Glas a Bhunú ar bharr curtha

Don bheart seo, mínítear *Brat Glas* mar bharr a chuirtear agus a bhunaítear le saothrú ithreach éadroime tar éis gránbharr nó barr curaíochta eile a bhaint, agus a choinnítear de réir cheanglais Ionstraim Reachtúil 101 de 2009 (Na Rialacháin um Níotrídí).

A bhfuil le déanamh agat

Go luath tar éis duit barr a bhaint agus tráth nach déanaí ná an 1 Deireadh Fómhair, ní mór duit Brat Glas a bhunú ar an bplásán iomlán LPIS (Córais Faisnéise Dáileachta Talún) trí shaothrú bog (grafadh éadomhain agus rolladh – ní cheadaítear treabhadh) agus meascán síolta sonritha a chur. Ní mór duit é seo a dhéanamh ar an bplásán nó ar na plásáin LPIS céanna gach aon bhliain de do chonradh. Ní cheadaítear tearc-chur ná barra féir.

Ní ceadmhach sciodar ná leasachán a chur ar an gcoinleach/talamh tar éis an barr a bhaint.

Ní mór duit 2 heicteár ar a laghad a chur go leataobh don Bheart seo.

Níor mhór go mbeadh treabhadh síos an bhairr brait seo de réir cheanglais Ionstraim Reachtúil 101 de 2009 (Na Rialacháin um Níotrídí).

Féadfaidh tú na barra seo a leanas a úsáid:

Mustard (ráta síolaithe 17 kg/ha)

Coirce (ráta síolaithe 75 kg/ha)

Fálta Sceach a Leagan Amach

Féadfaidh feirmeoirí a bhfuil fálta sceach feiliúnacha acu an beart seo a roghnú. Ní mór duit an áit a mbeartaíonn tú é a dhéanamh a thaispeáint ar an léarscáil. Is é atá i gceist le fálta sceach a leagan cuid den bhealach a ghearradh trí ghais roghnaithe, iad a lúbadh thart ag uillinn 70-80 céim agus na brainsí agus na gais a ghreamú de chuailí atá sáite síos i múr an fháil sceach. Tá iliomad bealaí ann le fálta sceach a leagan. Ba chóir duit an ceann is feiliúnaí agus is éifeachtaí a roghnú. Tá fáil ar thuilleadh eolais ar an idirlíon ag na láithreáin seo a leanas:

<http://www.crann.ie/>

<http://www.hlai.ie>

<http://www.teagasc.ie/>

A bhfuil le déanamh agat

- Déan gearradh agus é casta síos (le corrán, tua nó sábh slabhrach) timpeall trí cheathrú den bhealach tríd an ngas. Ansin leag an gas siar.
- Bain an tsáil nó an sop de ag uillinn chlaonta in aice na talún. Spreagfaidh sé seo athfhás ón talamh agus coiscfidh sé aon dochar do bheostoc freisin agus ligfidh sé don uisce rith chun srutha. Ligeann teanga nó inse tanaí fada don ghas leagtha a bheith casta agus curtha sa suíomh is fearr.
- Ní mór gais leagtha a dhaingniú ionas nach ndéanfaidh beostoc aon damáiste dóibh trí chuimilt nó brú in aghaidh an fháil agus lena gcosaint freisin ó ghaoth láidir. Ba chóir duit iad a ghreamú de chuailí atá sáite síos i múr an fháil agus iad fite le slata feiliúnacha (coll/saileach) le hiad a chobhsú.

I ngach aon bhliain fhéilire de do chonradh, ní mór duit an cúigiú cuid ar a laghad d'fhad iomlán an fháil sceach a chuir tú síos san iarratas a rinne tú.

Curaíocht Íosta

Ciallaíonn Curaíocht Íosta barra a chur gan an ithir a iompú bunoscionn. Ní ceadmhach an ithir a threabhadh. Féadfaidh tú an beart seo a roghnú ar thalamh curaíochta má thugann tú faoi bharra a bhunú ar an modh seo ar na plásáin iomlána LPIS (Córais Faisnéise Dáileachta Talún) chéanna i ngach aon bhliain de do chonradh. Ní mór duit na plásáin a thaispeáin ar an léarscáil.

Imill Inse

Féadfaidh tú an beart seo a roghnú má tá sruthchúrsaí ar do thalamh agat, ach ní thig leat é a roghnú ar choimín. Is é is sruthchúrsa cainéal oscailte a bhfuil uisce ann ar feadh naoi mí den bhliain ar a laghad. Ní mór duit imeall fálaithe a bhunú agus a choinneáil a bhfuil leithead áirithe aige feadh na sruthchúrsaí a roghnaíonn tú agus ní mór duit iad a thaispeáint ar an léarscáil. Ní mór duit leithead an imill a roghnú agus iarratas á dhéanamh agat ar SRCT/AEOS (An Scéim um Roghanna Comhshaoil Talmhaíochta) Tomhaistear an t-imeall ó bharr an bhruacha. Féadfaidh tú rogha a dhéanamh as ceithre leithead:

- 2.5 méadar
- 5 méadar
- 10 méadar
- 30 méadar

Féadfaidh tú níos mó ná aon leithead a roghnú, ach é sin ar theorainneacha páirce ar leithligh atá tadhlach le stráicí den sruthchúrsa.

Ní mór an limistéar a bheith fálaithe go buan ó thús an chonartha SRCT/AEOS rochtain ag beostoc a thoirmeasc, mura bhfuil an abhainn atá agat ainmnithe mar Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta agus nach gceadaítear fálú ann. Ba chóir duit pointí feiliúnacha a sholáthar ar mhaithe le coinneáil agus le haghaidh iascaireachta má tá gá agat leo sin.

Treoirínte maidir le Cothabháil

- Lig don fhásra forbairt go nádúrtha laistigh den imeall.
- Féadfaidh tú an féar a bhaint agus a thabhairt as, ach gan é a dhéanamh roimh an 1 Lúnasa.
- Ná cuir leasachán ná lotnaidicíd air.
- Ní mór fiailí díobhálacha a choinneáil faoi smacht – féadtar iad a spotspraeáil.
- Ba chóir fásra amhail an fhearnóg agus scrobarnach a choinneáil faoi smacht ionas nach ndúnfaidh said ceannbhrat an chainéil.

Sciodar a Scaipeadh (Teicneolaíochtaí Nua a Úsáid)

Féadfaidh tú an beart seo a roghnú más feirmeoir beostoic tú agus má dhéanann tú gach aon sciodar a athchúrsáil (cibé acu a tháirgtear ar d'fheirm nó a allmhairítear iad) ar ais ar an talamh féaraigh ar aon cheann de na modhanna seo: Leathadh Banda, Córais Insteallta agus an Chúlbhrog. Ní mór duit an tiomantas seo a chomhlíonadh do gach aon bhliain de do chonradh.

A bhfuil le déanamh agat

- Ní mór an sciodar uile a láimhseáil agus a leathadh de réir Ionstraim Reachtúil 101 de 2009 (Na Rialacháin um Níotrídí).
- Nuair a chuireann tú isteach ar an mbeart seo ní mór duit dearbhú a dhéanamh i leith thoirt an sciodair a tháirgtear agus/nó a allmhairítear agus a leatar.
- Maidir leis an sciodar ar fad a leatar ar an bhfeirm ní mór é a leathadh agus úsáid á baint as ceann amháin de na modhanna a luaitear thuas nó as teaghlaim díobh.
- Ní mór duit fianaise dhoiciméadach a sholáthar d'fhonn úsáid an mhodha leata a úsáidtear a dheimhniú do gach aon bhliain den chonradh, mar shampla áireamh ar an sciodar a tháirgtear, a allmhairítear agus a leatar, admháil ó do chonraitheoir nó fianaise eile de réir mar is gá.

Talamh Féaraigh ar mhórán speiceas

Féadfaidh feirmeoirí páirt a ghlacadh sa bheart seo trí ghnáthóga talaimh fhéaraigh feiliúnacha neamh-Natura 2000 (nach Limistéir atá faoi Chaomhnú Speisialta ná sa Scéim Íocaíochta Aonair ná coimín) a aithint ar a bhfeirm. Níor mhór gur plásáin talaimh fhéaraigh LPIS (Córais Faisnéise Dáileachta Talún) iomlána iad.

Tá cineálacha éagsúla tailte féaraigh ann ar mhórán speiceas.

Tailte Féaraigh Fliucha ar mhórán speiceas agus iad clúdaithe, nó gan a bheith clúdaithe, le luachair

Faightear na tailte féaraigh seo ar thalamh atá leibhéalta nó le fána i limistéir talaimh aird nó talaimh íseal ar ithreacha mianracha nó orgánacha fliucha nó leathbháite atá draenáilte go dona nó a mbíonn tuilte séasúracha orthu scaití. Tá siad le fáil ar fud na hÉireann.

Níor mhór go mbeadh mata fréimhe dlúth ag an talamh féaraigh. Níor mhór go mbeadh 5 cinn ar a laghad de na speicis táscaire “dearfacha” ann atá sa liosta thíos. Ní mór iad a bheith sách feiceálach ar fud an phlásáin - i bhfocail eile caithfidh siad a bheith so-aimsithe, seachas, mar shampla, gan iad a bheith ar fáil ach i bpaiste nó i gcúinne nó feadh abhann. Caithfidh nach mbeidh breis agus 20% san iomlán aige de na speicis ‘táscairí diúltacha’ atá ar an liosta.

Táscairí dearfacha	Táscairí diúltacha
<i>An Chíb Chruithneachta</i>	Ceannbháin
<i>An Rú Corraigh</i>	An Caisearbhán Coiteann
<i>An Biolar Gréagáin</i>	Lus an Easpaig
<i>An Odhrach Bhallach</i>	Seagalach Iodálach
<i>An Milseán Uisce</i>	Giolcacha
<i>Eireabaill Chapail</i>	Broimfhéar
<i>An Feileastram</i>	An Neantóg
<i>An Ghlasair Léana Bheag</i>	An tSeamair Bhán
Marsh Bedstraw	
<i>An Rú Corraigh</i>	
<i>An Fhiteog Cham</i>	
<i>An Fhiteog Léana</i>	
<i>An tAirgead Luachra</i>	
<i>An Peasairín Buí</i>	

*Caonaigh**Magairlí**An Fionnán**An Fionnán Corcra**An Lus Síoda**Cuise Garbh**Luachair**Speicis chíbe**An Briosclán Galánta**An Mismín Dearg**An Feileastram*

Tailte féaraigh Tirime ar mhórán speiceas**a) Tailte féaraigh tirime cailcreacha agus neodracha**

Is iondúil go bhfaightear na tailte féaraigh seo ar ithreacha mianracha saordhraenála. Níl siad le fáil go forleathan agus ní fhaightear go hiondúil iad ach ar fhánaí géara iomairí eascrach agus moiréan i lár na tíre agus i limistéir eile a bhfuil ithreacha aolchloiche éadoimhne nó carraigeacha.

Níor mhór go mbeadh 5 cinn ar a laghad de na speicis tháscaire ‘dhearfacha’ atá sa liosta thíos ar an talamh féaraigh. Caithfidh siad a bheith sách feiceálach ar fud an phlásáin – i bhfocail eile caithfidh go mbeidh sé furasta iad a aimsiú, agus nach mbeidh teacht orthu mar shampla, ach i bpaiste nó i gcúinne. Ná bíodh níos mó ná 20% san iomlán de na speicis táscaire ‘dhiúltacha’ atá ar an liosta ann.

Táscairí Dearfacha	Táscairí Diúltacha
An Feochadán Mín	Speicis Agrostis (Feoranna)
An Crobh Éin	Ceannbháin
An Mhínscoth	An Caisearbhán Coiteann
An Bainne Bó Bleachtáin	Garbhfhéar
An Tráithnín Coinfhéar	Lus an Easpaig
Coirce Clúmhach	Seagalach Iodálach
Lus na mBan Sí	Giolcach
Cab an Ghasáin	Broimfhéar
An Méaracán Gorm	An Neantóg
Méara Muire	Féara Fásaigh Arda
Boladh Cnis	Seamair Bhán

An tOragán Cumhra	Féar an Chinn Bháin
Caonaigh	
An Chatluibh	
Magairlíni: e.g.	
Magairlín na mBeach	
An Magairlín Meidhreach	
Magairlín na Stuaice	
Féar gortach	
An Duán Ceannchosach	
Lus an Fhógra	
Féar Cumhra	
An Mealbhacán	
An Gliográn	
An Dréimire Buí	

b) Tailte féaraigh aigéadacha tirime-bogthais

Faightear an talamh féaraigh seo ar ithreacha aigéadacha saordhraenála a d'fhéadfadh a bheith tirim nó bogthais ach gan iad a bheith leathbháite. Is iondúil go mbíonn neart mianraí san ithir nó go mbíonn sí móinteach.

Níor mhór go mbeadh 5 cinn ar a laghad de na speicis tháscaire 'dhearfacha' atá sa liosta thíos ar an talamh féaraigh. Caithfidh siad a bheith sách feiceálach ar fud an phlásáin – i bhfocail eile caithfidh go mbeidh sé furasta iad a aimsiú, agus nach mbeidh teacht orthu, mar shampla, ach i bpaiste nó i gcúinne. Ná bíodh níos mó ná 20% san iomlán de na speicis táscaire 'dhiúltacha' atá ar an liosta ann.

Táscairí Dearfacha	Táscairí Diúltacha
Muiríní	Ceannbháin
An Pheasair Shearbh	An Caisearbhán Coiteann
Lus an Bhainne	Lus an Easpaig
An Cluas Luchóige Choiteann	An Seagalach Iodálach
An Odhrach Bhallach	Giolcach
An tSailchuach Chon	Broimfhéar
Feisciúnna	An Neantóg
Fungais (Lusanna Teanga, Caidhpeanna	Seamair Bhán

Céarach, etc)
Luibh na bhFear Gonta
Féar Caoráin
Luachair Chaoráin
An Lus Cré
Lus an Ghiolla
Caonaigh
Magairlíní
An Slánlus
An Samhadh Caorach
Féar Cumhra
An Néalfartach
An tSailchuach
An Giúnach
An Athair Thalún

Ní mór talamh féaraigh ar mhórán speiceas a bhainistiú mar seo a leanas:

Leasú

Ní ceadmhach aon leasachán saorga, sciodar, aoileach clóis feirme ná aon ábhar orgánach eile a chur air.

Innilte:

Ní mór cleachtais innilte thraidisiúnta a choinneáil. Bíodh an dlús stocála agus an córas innilte ar dhóigh lena gcaomhnófar sláine éiceolaíoch na gnáthóige.

Bearradh:

Ná bearrtar tailte féaraigh go dtí tráth is déanaí ná an 15 Iúil.

Draenáil:

Ceadáitear coinneáil phleanáilte na ndraenacha atá ann cheana féin.

Luibhicídí a Úsáid:

Ní cheadaítear luibhicídí a úsáid. Cheadaítear spotchóireáil le luibhicíd áfach i gcás nach féidir fiailí díobhálacha a smachtú go meicniúil,

Ballaí Cloiche Singile Traidisiúnta a Choinneáil

Tógtar ballaí cloiche singile agus úsáid á baint as clocha a sheasann le chéile go réidh agus is féidir a chothromú gan mhoirtéal agus a thógtar de réir stíle atá traidisiúnta sa cheantar. Ní ceadmhach an Beart seo a roghnú ar choimín.

Ní mór suíomh na mballaí a bheidh á gcoinneáil agat a mharcáil ar an léarscáil. Má tá na ballaí tite nó leathchraptha, ní mór duit iad a atógáil de réir na stíle céanna atá ar bhallaí eile sa chomharsanacht.

Úllord Éireannacha Thraidisiúnta

Don Bheart seo, ní mór duit úllord barrthorthaí traidisiúnta a chur as liosta na gcineálacha traidisiúnta crann torthaí Éireannacha thíos. Tá na cineálacha sin agus tuilleadh eolais le fáil ó Chumann Sábhála Síolta Éireann, An Scairbh, Co. an Chláir (www.irishseedsavers.ie). Más féidir ba chóir duit úsáid a bhaint as na cineálacha a fhástar go traidisiúnta i do cheantar.

Is féidir na cineálacha áirithe a roghnófar lena gcur a cheannach ó fhoinsé ar bith. D'fhonn d'íocaíocht a éileamh, is gá fianaise dhoiciméadach a bheith agat (amhail sonrasc) faoin gcineál áirithe agus faoin bhfréamhstoc ar a bhfástar é.

Ní mór na crainn uile a chur roimh dheireadh an chéad séasúir cuir (geimhreadh) tar éis duit dul isteach sa scéim. Ní mór duit an láithreán a fháil ón tús. Ní mór duit plásán iomlán LPIS (Córais Faisnéise Dáileachta Talún) a roghnú agus é a mharcáil ar an léarscáil.

Riachtanais Bhainistíochta

- 10 gcrann ar a laghad a chur
- Na crainn a spásáil ag ionad 7-méadar (7m x 7M) óna chéile
- Ní mór crainn fhréamhloma a chur roimh dheireadh an chéad séasúir cuir (idir deireadh mhí Dheireadh Fómhair agus deireadh mhí an Mhárta).
- Ní mór na crainn a fhás mar chrainn lánairde nó crainn leathairde.
- Níor mhór go mbeadh crainn ar a gcuid fréamhacha féin nó a bheith beangaithe anuas ar fhréamhstoic láidre (M.26, MM.106, MM.111). Ní cháilíonn crainn atá ar fhréamhstoic bheaga.
- Ní mór cuaille feiliúnach a bheith mar thaca ag na crainn, é sáite go daingean síos sa pholl cuir agus an crann ceangailte le nasc feiliúnach.
- Ní mór trí chineál cheadaithe chomhoiriúnacha ar a laghad a chur agus ná bíodh níos mó ná leath na gcrann a chuirtear d'aon chineál ar leith acu.

An Cineál	An Tíopa	An Suíomh Traidisiúnta
<i>Appletown Wonder</i>	Le hithe	Luimneach
<i>April Queen</i>	Le hithe	Ulaidh (Cineál Luath)

An Cineál	An Tíopa	An Suíomh Traidisiúnta
<i>Ard Cairn Russet</i>	Le hithe	Corcaigh
<i>Ballinora Pippin</i>	Le hithe	Baile an Fhuaráin, Co. Chorcaí
<i>Ballyfatten</i>	Déach	Doire
<i>Ballyvaughan Seedling</i>	Déach	Baile Uí Bheacháin, Co. an Chláir.
<i>Barnhill Pippin</i>	Déach	Ard Mhacha agus Aontroim nó gur tháinig <i>Bramley Seedling</i> ina ionad
<i>Beauty of Ballintaylor</i>	Déach	Port Láirge/ Tiobraid Árann
<i>Bloody Butcher</i>	Cócaireacht	Cill Chainnigh agus Uíbh Fhailí
<i>Brown Crofton</i>	Le hithe	Sligeach, Uíbh Fhailí, An Iarmhí, Ros Comáin, Baile Átha Cliath agus Loch Garman
<i>Cavan Newington</i>	Le hithe	An Cabhán
<i>Cavan Rose</i>	Cócaireacht	An Cabhán
<i>Cavan Strawberry/ Strawberry Cooker</i>	Cócaireacht	An Cabhán
<i>Cavan Sugarcane</i>	Le hithe	An Cabhán
<i>Cavan wine</i>	Cócaireacht	An Cabhán
<i>Cider/Celadon</i>	Ceirtlis/Cócaireacht	Ard Mhacha
<i>Clearheart</i>	Déach	Cill Chainnigh
<i>Dick Davies</i>	Le hithe	Corcaigh
<i>Dockney</i>	Cócaireacht/Ceirtlis	Ard Mhacha
<i>Ecklinville Seedling</i>	Cócaireacht	Aontroim
<i>Eight Square nó Kill Apple</i>	Le hithe	Muineachán
<i>Farrell</i>	Le hithe	Port Láirge
<i>Frank's Seedling</i>	Le hithe /Cócaireacht/Sú	Uíbh Fhailí
<i>George</i>	Déach	Uíbh Fhailí, Loch Garman agus Cill Chainnigh
<i>Gibbons Russet</i>	Le hithe/Ceirtlis	Corcaigh
<i>Gibby's Apple</i>	Le hithe	Ard Mhacha agus Aontroim

An Cineál	An Tíopa	An Suíomh Traidisiúnta
<i>Glenstal Cooker</i>	Cócaireacht	Luimneach
<i>Golden Royal</i>	Le hithe	Muineachán
<i>Greasy Pippin</i>	Le hithe	Fear Manach agus Tír Eoghain
<i>Green Chisel</i>	Le hithe	Dún na nGall
<i>Honey Comb</i>	Le hithe	An Cabhán
<i>Honeyball</i>	Le hithe	Cill Chainnigh
<i>Irish Molly</i>	Le hithe	Corcaigh
<i>Irish Peach (Early Crofton)</i>	Le hithe	Sligeach
<i>Irish Pitcher</i>	Le hithe	Sligeach, Maigh Eo agus An Clár
<i>Keegans Crab</i>	Le hithe	Ard Mhacha
<i>Kemp nó May Bloom</i>	Le hithe	Ard Mhacha
<i>Kerry Pippin</i>	Le hithe	Cill Chainnigh agus Aontroim
<i>Kilkenny Pearmain</i>	Déach	Cill Chainnigh
<i>Lady's Finger of Offaly</i>	Le hithe	Uíbh Fhailí, Muineachán agus Baile Átha Cliath
<i>Leitrim Red Apple</i>	Cócaireacht	Liatroim
<i>Lough Tree of Wexford</i>	Le hithe	Loch Garman
<i>Maidens Blush</i>	Le hithe	An Cabhán
<i>Martins Seedling</i>	Cócaireacht	Aontroim.
<i>Mother of Household</i>	Cócaireacht	Tiobraid Árann
<i>Peach Melba</i>	Le hithe	Cill Chainnigh
<i>Piltown Early Red</i>	Le hithe	Cill Chainnigh
<i>Rawleys Seedling</i>	Le hithe	Corcaigh
<i>Red Brandy</i>	Le hithe	Cill Chainnigh
<i>Reid Seedling</i>	Le hithe	Ard Mhacha
<i>Ross Nonpareil</i>	Le hithe	Loch Garman, An Mhí, Uíbh Fhailí, An Iarmhí & Baile Átha Cliath
<i>Sam Young (Irish Russet)</i>	Le hithe	Cill Chainnigh, Uíbh Fhailí agus An Cabhán
<i>Scarlet Crofton</i>	Le hithe	Sligeach

An Cineál	An Tíopa	An Suíomh Traidisiúnta
<i>Sheep's Snout</i>	Le hithe/ Cócaireacht	An Iarmhí
<i>Sovereign</i>	Le hithe	Ard Mhacha
<i>Strippy</i>	Le hithe	Ard Mhacha
<i>Summer John</i>	Le hithe	Fear Manach
<i>Thompson's Apple</i>	Le hithe	Tír Eoghain & Muineachán
<i>Uncle John's Cooker</i>	Cócaireacht	Cill Chainnigh
<i>White Crofton</i>	Le hithe	Sligeach
<i>White Moss</i>	Cócaireacht/Ceirtlis	Cill Chainnigh
<i>Widows Friend</i>	Le hithe	Ard Mhacha
<i>Yellow Pitcher</i>	Le hithe	Sligeach/Dún na nGall
Tá méideanna teoranta ann de na cineálacha atá liostaithe thíos		
<i>Bens Red</i>	Le hithe	Ciarraí
<i>Buttermilk Russet</i>	Le hithe	An Longfort
<i>Cabbage Stalk</i>	Déach	An Cabhán
<i>Councillor</i>	Déach	Baile Átha Cliath
<i>Custard Scarlet</i>	Cócaireacht	An Clár
<i>Finola Lees</i>	Ceirtlis	Tiobraid Árann
<i>Foley</i>	Déach	Corcaigh
<i>Kiltogat Blossom</i>	Le hithe	Liatroim
<i>Leixlip</i>	Cócaireacht	Ros Comáin
<i>Mrs Perry</i>	Déach	Dún na nGall
<i>Richardson</i>	Le hithe	Cill Chainnigh
<i>Siberian Russet</i>	Déach	Leantar den taighde
<i>Valentine</i>	Cócaireacht/Ceirtlis	Cill Chainnigh, Port Láirge.
<i>White Russett</i>	Le hithe	Uíbh Fhailí

Móinéar Traidisiúnta

Don Bheart seo, caithfidh plásáin talaimh fhéaraigh iomláin LPIS [Córais Faisnéise Dáileachta Talún] a bheith agat agus 3 speiceas féir orthu (seachas Seagalach).

A bhfuil le déanamh agat:

- Leasú
 - Tá an riar bliantúil Nítrigine teoranta do 30 kg/ha.
- Innilt:
 - Lean na cleachtais thraidisiúnta maidir le hinnilt.
- Féar a bhaint:
 - Ní ceadmhach móinéir atá le caomhnú a bhaint go dtí tráth is déanaí ná an 1 Iúil.

Más rud é, de bharr drochaimsire nó ar chúis ar bith eile nach féidir an féar a shábháil, féadfaidh tú sadhlas a dhéanamh ach ní mór duit é a chasadh faoi dhó ar a laghad sula mbailítear é le deis a fhágáil ag na síolta scaipeadh.

Brat Éan Fiáin

Féadfaidh tú an beart seo a roghnú más feirmeoir talaimh féaraigh tú agus go bhfásann tú meascán áirithe síolta mar bharr le haghaidh Brat Éan Fiáin i bplásán iomlán LPIS [Córais Faisnéise Dáileachta Talún] do gach aon bhliain de do chonradh. Ní mór an plásán nó na plásáin LPIS a roghnaíonn tú a thaispeáint ar an léarscáil. Ní ceadmhach duit é sin a dhéanamh ar thailte conacra, ar thailte ainmnithe Natura 2000 ná ar choimíní, ná ar thailte mar a mbíonn lapairí ag pórú go tréan.

A bhfuil le déanamh agat

Gach aon bhliain de do chonradh, déan meascán barr síolta a chur a chuirfidh Brat geimhridh agus foinse bia ar fáil d'éin na dtailte feirme agus don fhána eile. Mar mhalairt, féadfaidh tú meascán dhá bhliain a chur móide meascán bliana sa tríú bliain.

Tá an-tábhacht ar fad leis an láithreán a roghnaíonn tú.

- Ní mór an barr a fhás ar thailte feiliúnacha atá in ann an barr a tháirgeadh agus a chothú i.e. ithir agus treoíocht atá in ann barr gránaigh a tháirgeadh.
- Ná cuir an barr seo ar thailte mífheiliúnacha, toisc nach n-éireoidh leis é féin a bhunú.
- Ní mór an barr a chur ag fás sa talamh céanna ar feadh ré an chonartha.
- Smaoinigh ar an mbarr a chur ag fás taobh le cumhdach. Mar shampla, d'fhéadfá é a chur taobh le fálta sceach nó coillearnach.

Ní mór 0.5 heicteár ar a laghad a bheith sa limistéar a chuirfidh tú.

Má tá breis agus aon heicteár de chlúdach éan fiáin le cur ag fás, ansin ní mór na plásáin a roinnt thart timpeall na feirme.

Ar a laghad, ní mór do na plásáin a bheith 5 méadar ar leithead agus 0.25 heicteár d'achar a bheith iontu.

Ní mór an limistéar a fhálú nó gan aon rochtain de chineál eile a bheith ag aon bheostoc air.

Cuir an oiread leasacháin is gá ar an mbarr

Féadfar srianadh fiailí a úsáid roimh an gcur. Ní ceadmhach luibhicídí ná lotnaidicídí a úsáid tar éis an barr a bheith curtha.

Ní mór dhá chineál éagsúla barr a chur sa mheascán (e.g. gránaigh agus praiseacha)

Ní mór an síol a chur tráth nach déanaí ná 31 Bealtaine.

Druileáil an modh is fearr le síol a chur.

Más á scaipeadh atá tú, méadaigh na rátaí curtha síl faoi idir a thrian (i gcás síolta beaga) agus a leath (i gcás síolta móra)

Ní mór barra ó mheascáin aon bhliana a choinneáil ón am a mbunaítear iad go dtí an 1 Márta dar gcionn.

Má tá cáil á úsáid agat sa mheascán, ní mór an plásán a fhágáil gan aon chur isteach air ar fheadh dhá gheimhreadh nach críoch dóibh roimh 1 Márta an dara geimhreadh.

Ná baintear aon fhómhar ná ligean d'ainmhithe innilt.

Sa chás go bhfuil an limistéar cáilithe roinnte mar líon áirithe plásán, caithfidh uimhir LPIS a bheith ag gach aon phlásán acu agus meascán barr Brait Éan Fiáin a bheith ann.

Meascáin Barr Brait Éan Fiáin

Féadfaidh Brat Éan Fiáin a bheith comhdhéanta de mheascán a chuirtear gach aon bhliain nó meascán a chuirtear gach re bliain. Is lú iad na rátaí curtha síl a mholtar ná na rátaí sin a mholtar do tháirgeadh barr tráchtála toisc go gcuireann barr oscailte le rochtain na n-éan ar shíolta agus fiailí a thiteann.

Níor mhór go mbeadh gránach (coirce, triteacál) a bheith sna **meascáin aon bhliana** móide speiceas amháin ar a laghad ó na cinn seo a leanas: Faicéilia, ráib síl ola, ros lín agus mustard. Sampla de mheascán aon bhliana is ea coirce agus ros lín. Is maith an meascán é sin mar rogha ar ithreacha aigéadacha troma e.g. 75 kg/ha coirce agus 15 kg/ha ros síl. I gcás ina bhfástar praiseacha mar chuid de mheascán aon bhliana, ní mór iad a chur i stráicí ailtéarnacha ionas nach gceansóidh an phraiseach an gránach.

Maidir le **meascáin dhá bhliain** ní mór cáil a bheith iontu móide ceann amháin ar a laghad de na cinn seo a leanas: coirce, triteacál nó ros lín. Áirítear cáil toisc gur débhlantóg é; bliantóga is ea na plandaí eile. Ba chóir cineálacha cnapfhréamhdhíonacha cáil a chur, amhail Cál Caladónach.

Tugtar samplaí thíos de na meascáin dhá bhliain:

Meascán	Rátaí Druileála
Cál agus ros lín	1.5 kg/ha cáil agus 15 kg/ha rois lín
Cál agus gránach (coirce, triteacál)	1.5 kg/ha cáil agus 75 kg/ha gránaigh

Ná áirítear praiseacha (ráib síl ola, mustard etc.) má tá an meascán aon bhliana á úsáid agat mar bharr bearna idir meascán dhá bhliain ina n-áirítear cáil).

CUID II

COINNÍOLLACHA LE hAGHAIDH LÁITHREÁIN NATURA ÁIRITHE

COINNÍOLLACHA LE HAGHAIDH BRATPHORTAIGH, MÓINTIGH AGUS TAILTE FÉARAIGH SLÉIBHE

Forálacha Ginearálta

Is é an príomh-mholadh cleachtais feirmeoireachta is cúis le díobháil don timpeallacht a sheachaint agus tá na moltaí uile seo a leanas ceaptha leis an gcuspóir sin a bhaint amach. I gcás go ndéanann cleachtas dochar don timpeallacht ní mór é a stopadh nó a mhodhnú, ach is treoirlínte ginearálta iad na cinn seo a leanas agus féadfaidh go dtiocfaidh moltaí ar leith ina n-ionad le haghaidh feirmeacha aonair.

Coinníollacha Mionsonraithe

An Díús Stocála

I ngach aon chás ní mór plean atá inbhuanaithe i leith na timpeallachta a ullmhú agus ní mór cloí leis le haghaidh achar uile na feirme. Ní mór don phleanálaí rátaí stocála optamacha inbhuanaithe a leagan síos tar éis measúnú cúramach a dhéanamh ar riachtanais caomhnaithe comhshaoil na dtailte.

I gcás inar gá laghdú ar an stoc de bharr na leibhéal stocála atá leagtha síos ag an bpleanálaí ní mór é sin a bhaint amach laistigh de bhliain ó thosach an phlean. Ní ceadmhach aon mhéadú a theacht ar na leibhéil stocála, aon stoc a thabhairt isteach i limistéir nua ná aon athruithe ar chineál na stoc i gcaitheamh thréimhse an phlean gan ceadú roimh ré ón tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra. Ní mór an líon uasta caorach a fhéadtar a choinneáil ar an bhfeirm ina hiomláine a leagan síos sa phlean. Tá feidhm ag na paraiméadair seo a leanas:

I gcás nach bhfuil aon damáiste ann tá glacadh leis na leibhéil stocála reatha.

Mura bhfuil an leibhéal damáiste ródhona ní mór don phleanálaí laghdú stocála a fhorordú ag leibhéal a bhaineann leis an damáiste agus ar leor é le go dtiocfaidh an fásra aniar.

Má tá leibhéal an damáiste an-dona, ní mór laghdú stocála idir 70% agus 100% le líon na gcaorach a fhorordú don limistéar atá dochraithe ar feadh tréimhse shonraithe.

Le linn an phlean a athbhreithniú, athbhreithneofar stádas caomhantais na limistéar. Féadfaidh go mbeidh sé cuí athrú a dhéanamh ar na leibhéil stocála (méadú nó laghdú) agus sin ag

brath ar an dul chun cinn atá déanta.

Baineann leibhéil stocála leis na caoirigh Bhrocacha Albanacha nó le póirthe caorach meánmhéide den chineál céanna. Ba chóir go mbeadh na leibhéil stocála le haghaidh eallaí agus stoc eile de réir na rátaí infheidhme aonaid beostoic agus na rátaí comhshóite do na cineálacha stoic éagsúla á gcur san áireamh. Is iad na leibhéil stocála a mholtar sa doiciméad seo na rátaí uasta inbhuanaithe le haghaidh innilte i gcaitheamh na bliana ar fad. Má úsáidtear tréimhsí innilte is gaire ná sin féadfar líon na n-ainmhithe a mhéadú, ach nár ghá go mbeadh sé sin *pro rata*.

Beathú Breise

Ní cheadaítear beathú breise ach amháin ar limistéir mar a bhfuil sé á chleachtadh faoi láthair. Ní mór ionaid na bpointí don bheathú a shonrú. D'fhonn fadhbanna a leanann as dianinnilt, satailt, pasáil agus creimeadh a sheachaint, ba chóir na pointí don bheathú a athrú gach 3 seachtaine agus a lonnú ar thalamh is lú luach ó thaobh gnáthóga agus fiadhúlra de. Is fearr a d'fheilfeadh talamh féaraigh chuige sin, píosa maith ar shiúl ó áiteanna ina bhfuil fraoch ag fás. Ní ceadmhach méid iomlán na beatha a úsáidtear a mhéadú.

Leasacháin agus Luibhicídí a Úsáid

Ní ceadmhach leasacháin orgánacha ná neamhorgánacha ná aol a chur ar phortaigh, ar mhóintigh ná ar thailte féaraigh sléibhe in áiteanna nach raibh siad á n-úsáid cheana féin. Ní ceadmhach leasacháin a úsáid chun limistéir creimthe a athghiniúint. I gcás tailte féaraigh sléibhe ní ceadmhach leasacháin a chur síos ach ar bhonn torthaí tástála ithreach. I gcás ina gcuirtear leasacháin síos, ba chóir an tsampláil ithreach tosaigh a bheith sách dian agus sampla amháin a thógáil de réir 2–4 ha. Maidir leis na spriccleibhéil fosfáite ithreach, ná sáraídis leibhéil Innéacs 2 atá leagtha amach sa tsonraíocht seo.

Ní mór spraeáil nó scaipeadh luibhicídí a sheachaint. D'fhonn copóga, feochadáin, buachalláin agus fiailí díobhálacha eile a dhíothú, féadtar úsáid a bhaint as cóireálacha lena mbreacadh nó a chuimilt orthu. Féadfar ródaideandrón a bhaint trína ghearradh agus trí chóireáil luibhicíde. Féadfar raithneach a smachtú trí rolláil, gearradh nó trí shatailt rialaithe ag eallaí go luath sa samhradh. Faoi dhálaí eisceachtúla féadtar smachtú raithní le luibhicídí a cheadú.

Truailliú Uisce

Ba chóir a bheith an-chúramach agus na ceanglais reachtúla maidir le truailliú uisce a chomhlíonadh. Is saintréith í de hidreolaíocht na limistéar portaigh go mbíonn drochuiscí dromchla iontu ar fhíorbheagán cothaitheach agus flóra agus fána iontu atá dulta in oiriúint do na dálaí sin. Dhéanfadh sé dochar do na speicis sin na cothaithe a shaibhriú. Ní mór

dipeanna nua caorach a liostú agus lonnú píosa maith ar shiúl ó shrutháin agus sruthláin chun laghdú ar an mbaol go dtarlódh truailliú uisce agus go ndéanfaí dochar don fhlóra agus don fhána.

Cleachtais Shrianta agus Thoirmiscthe

Ní ceadmhach na cleachtais seo a leanas a chur i bhfeidhm ar Bhratphortaigh, ar Mhóintigh ná ar Thailte Féaraigh Sléibhe:

1. Ní ceadmhach na limistéir a dhraenáil, a threabhadh, a shaothrú ná a athshíoladh.
2. Ní cheadaítear aon inlónadh ná carraigeacha a thabhairt chun siúil.
3. Ní cheadaítear móin a bhaint as phortaigh neamhshaothraithe Cheadaítear móin a bhaint le haghaidh úsáid baile ar phoirt mhóna a bhí á saothrú cheana féin.
4. Ní cheadaítear crainn ná barra eile a chur.
5. Níl cead aon chonair ná cosán nua a chruthú.
6. Ní cheadaítear aon rud a dhó ach amháin mar chleachtas bainistíochta pleanáilte.
7. Féadtar aiteann a smachtú trína ghearradh, trína spotspraeáil nó fíor-chorruair trína dhó lasmuigh de shéasúr neadaithe na n-éan. (1 Márta go 31 Lúnasa).

COINNÍOLLACHA CHUN LIMISTÉIR DHUIMHCHE AGUS MHACHAIRE A CHAOMHNÚ

Is é an príomh-mholadh ná cleachtais feirmeoireachta is cúis le dochar don timpeallacht a sheachaint agus tá na moltaí seo a leanas uile ceaptha an cuspóir sin a bhaint amach. Má tá cleachtas ag déanamh dochair don timpeallacht ní mór é a stopadh nó a mhodhnú, ach is treoirlínte ginearálta atá iontu siúd thíos agus féadfaidh go mbeidh tús áite amach anseo ag moltaí sonracha le haghaidh feirmeacha aonair.

Coinníollacha sonracha le haghaidh Duimhche agus Machairí

Tuairisc

Gnáthóga cois cósta is ea Duimhche agus Machairí arb iad cnoic agus loig ina bhfaightear comhludair uathúla plandaí agus ainmhithe mar fhreagairt ar chineál cruá na timpeallachta atá tirim, gaofar agus goirt.

Plánta is ea machairí atá réidh leibhéalta feadh gainmhí ar mhórán aoil agus a d'fhorbair mar fhreagra ar idirghníomhú uathúil idir an ghaoth, an bháisteach throm agus úsáid stairiúil na talún. Is in iarthar na hÉireann agus na hAlban amháin atá siad le fáil.

An Córas Innilte

Tugtar faoi deara gurb é atá le déanamh ar dhuimhche agus ar mhachairí ná cleachtais talmhaíochta forleathana a choinneáil ar siúl, agus cosc a chur le méadú breise ar an líon stoic. Ní mór an stoc eallaí a choinneáil ag an leibhéal a dtig leis an talamh tacú leis – féach leat freisin an rannán faoi Bheathú Breise.

Ba chóir leanúint den innilt ag an eallach de réir na gcleachtais traidisiúnta. Níor chóir innilt a dhéanamh ar an talamh ach amháin sa gheimhreadh. I limistéir ina mbíodh innilt Samhraidh á chleachtadh (i.e. le deich mbliana roimhe), féadfar leanúint de sin ar choinníoll, ar ndóigh, nach mó iad na stoicleibhéil gach aon tráth ná an méid a thig leis an talamh a chothú ar bhonn inmharthana. Ba chóir innilt ar limistéir úra agus fhorghumhcha a sheachaint. I gcásanna a fheileann do na dálaí, níor chóir go sáródh na leibhéil innilte 1 AB (Aonad Beostoic) in aghaidh an heicteáir ar an meán in aghaidh na bliana ar fad agus níor chóir go sáródís 2 AB ag aon tráth ar leith. D'fhágfaidh an t-athrú seo go bhféadfaí 2 AB a bheathú i gcaitheamh an gheimhridh ar an duimhche/ar an machaire ar choinníoll go measfaidh an

pleanálaí go raibh sé inmharthana.

Seachnaítear caoirigh a thabhairt isteach i limistéir nach mbídís ag innilt orthu. Na limistéir sin ina gcoinnítí caoirigh go traidisiúnta, áfach, féadfar iad choinneáil iontu, ach é sin ar leibhéal níos ísle, b'fhéidir.

Leibhéil stocála inmharthana

Leagadh an pleanálaí amach sa phlean feirme na leibhéil stocála do gach aon fheirm. Ba chóir na leibhéil a shocrú faoi bhun an leibhéil sin as a leanfadh eotrófú, ró-innilt nó creimeadh, ach sách ard san am céanna chun cúngach garbhfhásra agus scrobarnaigh a smachtú. I gcás inar gá laghdú a dhéanamh de bharr an stocleibhéil a bheidh leagtha síos ag an bpleanálaí, ní mór é sin a bhaint amach laistigh de 12 mhí ó thosach an phlean. I gcás ina mbeidh an stocleibhéal le méadú, féadfar é sin a leathadh thar thréimhse an phlean, de réir mar a shonróidh an pleanálaí. I gcás go mbeidh plean caomhantais ullmhaithe don Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta, ba chóir é sin a úsáid mar chuidiú i dtaca lena fháil amach cár tharla aon damáiste nó cá bhfuil sé ag tarlú, cá bhfuil an damáiste measartha chomh maith leis na háiteanna nár tharla aon damáiste.

Féadfar pleananna caomhantais oifigiúla a fháil, nuair a bhíonn fáil orthu, ó oifig áitiúil na Seirbhíse Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra.

Beathú Breise

Má thugtar beathú breise isteach féadfaidh sé sin cothaithigh bhreise a chur sna limistéir duimhche agus machaire, agus athrú an-bhunúsach a thabhairt i gcrích i bhfásra na limistéar sin. D'fhéadfadh sé leibhéil stocála iomarcacha a éascú sadhlas agus beathú eile a úsáid agus féadfaidh go leanfaidh sé as go dtuilleofar an screamhuisce. Dá réir sin, ní fhéadfar aon beathú breise a úsáid i limistéir nach raibh sé coitianta iontu le deich mbliana roimhe sin ach amháin i gcomhairle leis an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra.

Féadfar sadhlas burláilte coma a stóráil sna limistéir seo. Níl cead sadhlas scaoilte a stóráil ach amháin mar a mbíonn córas bailithe eisiltigh ceadaithe suite agus go dtugtar an t-eisiltreach ar siúl ón machaire/ón duimhche.

Ní ceadmhach beathú breise a dhéanamh ar limistéir úra agus fhor dhumhcha.

I limistéir mhachaire agus duimhche liatha féadfar leanúint de bheathú breise a úsáid i gcásanna inar úsáideach é le deich mbliana roimhe, ar choinníoll:

1. Nach dtagann aon mhéadú ar líon na nAonad Beostoic (AB) a bheathaítear.
2. Nach n-athraítear an speiceas stoic a bheathaítear.
3. Nach dtagann méadú ar mhéid iomlán na coibhéise beathaithe
4. Nach mó má 3.5 tona sadhlais nó 0,75 tona féir in aghaidh an AB an méid beathaithe
5. Nach dtugtar aon mhin ná dlúthbhianna mar bheatha.

Faoi imthosca eisceachtúla áfach, amhail dálaí aimsire an-ghéar (i.e. titim throm sneachta nó tuite), agus le comhaontú na Seirbhíse Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, ceadófar beathú. Féadfar méideanna beaga dlúthbhia a thabhairt d'eallaí atá á mbaint den diúl.

Saothrú, Athshíolú agus Iotnaidicídí

Ní mór treabhadh, fuirseadh nó saothrú de chineál ar bith eile a sheachaint ós rud é go mbainfidh sé sin an bonn de struchtúr na duimhche. Féadfar plasáin bheaga curaíochta a choinneáil ar mhachairí. Bainfidh sé suaitheadh as cothromaíocht an fhásra ar a mbraitheann an dumhach má thugtar síolta ar bith isteach sna limistéir sin agus ní mór é sin a sheachaint. Níor chóir féar a dháileadh ar ainmhithe ach amháin ó bheathaitheoirí rabhnáilte.

Is é atá sna codanna seasta de dhumhcha go bunúsach limistéir ina bhfuil leibhéil ísle cothaitheach planda san ithir agus sin é is cúis le forbairt an fhlóra ar leith atá orthu. Limistéir is ea iad seo freisin is mó a úsáidtear le haghaidh innilt. Níor chóir leasacháin orgánacha (sciodar, aoileach clóis feirme) na neamhorgánacha a leathadh toisc go ndéanfadh sé sin dochar don fhlóra sna limistéir sin.

Ar mhachairí, in áiteanna nár cuireadh leasachán san am a caitheadh, ní ceadmhach é a chur síos anois. I gcásanna, áfach, inar cuireadh síos leibhéil ísle fosfair go traidisiúnta ar mhachairí, féadfar leanúint de sin, ar choinníoll nach dtagann méadú ar na leibhéil fosfair san ithir os cionn na leibhéil atá ann faoi láthair nó i gcás ar bith nach sáraíonn siad Innéacs Ithreach 2.

Lotnaidicídí agus Luibhicídí

Ní mór spraeáil nó leathadh luibhicídí a sheachaint ar fad, ach féadfar úsáid a bhaint as breac-chóireáil nó cóireáil cuimilte chun copóga, feochadáin agus fiailí díobhálacha eile a dhíothú.

Cóireálacha d'Ainmhithe

Féadfar dáileoga a úsáid in aghaidh péisteanna mar is gnáth, ach i gcás ainmhithe dár tugadh lotnaidicídí a maireann a bhfuill sa bhualtrach, ní mór iad a choinneáil amach ón dumhach ar feadh seachtaine ar a laghad i ndiaidh na cóireála.

Dumpáil agus Inlíonadh

Seachnaítear go huile dumpáil a dhéanamh ar bhruscar tí nó bruscar tionsclaíoch, dramhaíl feirme, brablach, carraigeacha nó aon ábhair dá samhail a d'fhéadfadh baint den timpeallacht nádúrtha trí chothaithe mhí-oiriúnacha nó ithreacha nó síolta mí-oiriúnacha a thabhairt isteach.

Coinníollacha Feirmeoireachta le haghaidh Chaomhnú Aibhneacha na Limistéar atá aoi Chaomhnú Speisialta.

Leasachán in Aibhneacha na Limistéar atá faoi Chaomhnú Speisialta

In aibhneacha na Limistéar atá faoi Chaomhnú Speisialta, níor cheart aon **leasachán ceimiceach** a chur síos laistigh de 1.5 m ó aon sruthchúrsa.

In Aibhneacha na Limistéar atá faoi Chaomhnú Speisialta is é an stráice maoláin a mholtar agus **aoiligh orgánacha** á leathadh ná stráice suas go 10 m ó shrutháin agus draenacha agus suas go 20m ó phríomhchainéil abhann. I gcás teorainneacha LCS a bheith laghdaithe go 2.5 m, is é an maolán cuí an ceann sin faoin Scéim um Chosaint na Timpeallachta Tuaithe/Cros-Chomhlíonadh: 5 m i gcás sruthchúrsa dromchla (3 m i gcás draenacha oscailte agus dáileachtaí talún chúnaga is lú ná 50 m ar leithead agus is lú ná 1 ha).

Gníomhartha Infhógartha

Féadfaidh gníomhaíochtaí feirmeoireachta reatha leanúint ar aghaidh gan aon fhógra a thabhairt mura mbíonn cheann de na nithe seo a leanas i gceist, ar gníomhartha infhógartha iad (is é sin, gníomhartha ar gá dul i gcomhairle agus toiliú roimh ré ina leith):

1. Míntíriú, inlíonadh nó draenáil (seachas draenacha¹ a ghlanadh) laistigh de 5 m ó bhruach na habhann.
 2. Crainn a thabhairt chun siúil, tailte a athshíolú i gcás nár cleachtadh é sin le 10 mbliana roimhe sin nó níos mó; nó foraoisiú.
 3. Treabhadh nó aon lotnaidicíd a úsáid i gcás nár cleachtadh é sin le 10 mbliana roimhe sin nó níos mó.
 4. Aon lotnaidicíd (luibhicíd nó feithidicíd) a úsáid laistigh de 5 m ó bhruach na habhann.
 5. Gníomhaíocht feirmeoireachta reatha a threisiú.
 6. Athrú ar bhruacha, cainéal, leaba nó sreabhadh na habhann.
-

Treabhadh

Ní mór imeall neamhshaothraithe 3 m ar a laghad a choinneáil ó shruthchúrsaí. Leathnófar é sin go 5 méadar i gcás gur mó ná 2.5 méadar an teorainn LCS.

FORORDÚ INA LEAGTAR AMACH NA COINNÍOLLACHA FEIRMEOIREACHTA IS INFHEIDHME MAIDIR LE TAILTE FÉARAIGH FLIUCHA, LENA nÁIRÍTEAR CALAÍ, TALAMH FÉARAIGH ÍSEAL FLIUCH, EANAIGH AGUS RIASCA

(Caláí Lár na Sionainne agus na Brosnaí Bige Cóid LCS 000216 & 000564)

Innilt

Beidh cleachtais thraidisiúnta Traditional² innilte le coinneáil. Deimhneoidh an pleanálaí cad é atá i gceist le cleachtas traidisiúnta, ar a n-áireofar líonta agus cineál an bheostoic, an speiceas atá in úsáid agus an patrún innilte séasúrach. Ná tugtar caoirigh agus/ná gabhair isteach i limistéir nach mbídís iontu go traidisiúnta. Ná déantar tearcinnilt ar an talamh.

Beathú Breise

Ná tugtar beathú breise isteach i limistéir nach ndearnadh é go traidisiúnta iontu.

Féadfar dlúthbhianna áirithe a cheadú mar bheatha le comhaontú na Seirbhíse Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra in imthosca aonair. Déanfar aon chead den sórt sin a scríobh isteach sa phlean ag an tráth a ullmhaítear an plean sin.

Féar a Bhaint

I limistéir nach bhfuil feidhm ag an bhforordú maidir leis an traonach ní thosófar ar an bhféar a bhaint roimh an 30 Meitheamh mura ndearnadh bainistiú ar an talamh san am a caitheadh agus nach bhfuil mórán ilghnéitheachta plandaí ann. Ní mór aon eisceachtaí ina leith sin a mhíniú sa phlean feirme.

Folaíonn 'Féar a bhaint' barrscoitheadh, slabhrú féir nó rolláil.

Leasú

Féadtar leasú trí mhodhanna ceimiceacha nó orgánacha a dhéanamh ar an dóigh chéanna, de réir 'Dea-Chleachtais Feirmeoireachta' agus, gan aon diansaothrú, ar chalaí a ndearnadh iad a leasú go traidisiúnta ar an dóigh sin.

² Ciallaíonn 'Traidisiúnta' cleachtais atá in úsáid le deich mbliana roimhe.

Draenáil

Ceadófar draenacha atá ann cheana féin a choinneáil agus ní thosófar ar aon oibreacha draenála eile ach amháin le comhaontú roimh ré ón tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra. Déanfar aon chead den sórt sin a scríobh isteach sa phlean ag an tráth a ullmhófar an phlean sin.

Fásra a Dhumpáil, a Inlínadh nó a Dhó

Ní cheadófar aon dumpáil ná inlínadh. Féachtar ar dhiúscairt agra-dhramhaíola amháil féar loite, mar dhumpáil agus tá sé toirmiscthe. Ceadaítear dramháil féir a charnadh agus a dhó ina dhiaidh sin ar an láithreán fad a bhíonn sé de réir na ngnáthfhorálacha dlí. Tá dianchosc ar ábhair a allmhairiú ó láithreáin eile le hiad a dhó.

Athshíolú, Míntíriú nó Crainn a Chur

Ní cheadófar athshíolú, míntíriú ná crainn a chur ach amháin le comhaontú roimh ré leis an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra agus áireofar aon chomhaontú den sórt sin sa phlean.

Bóithre a Thógáil

Ní cheadaítear bóithre nua a thógáil (agus caidhséir agus droichid san áireamh) ach amháin le comhaontú sonrath roimh ré leis an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra. Beidh aon chomhaontú den sórt sin le scríobh isteach sa phlean. Níl aon srian ar bhóithre atá ann cheana féin a chothabháil.

Cóireálacha Ainmhíocha Marthanacha a Úsáid

Maidir le ceimiceáin rialaithe lotnaidí atá marthanach sna hainmhithe agus a fhágann fuíll i mbualtrach na n-ainmhithe ar feadh tréimhsí fada, ní ceadmhach iad a thabhairt d'ainmhithe atá ag úsáid an láithreáin. Tá glacadh le cineálacha is féidir a dhoirteadh nó a instealladh.

Luibhicídí a Úsáid

Ní cheadaítear fiaíll díobhálacha agus copóga a smachtú ach le spotspraeáil amháin. Ní cheadófar luibhicídí a úsáid chun speicis eile a smachtú, ná smachtú ar aon mhodh eile seachas spotspraeáil, ach amháin le comhaontú sonrath leis an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra agus beidh aon chomhaontú den sórt sin in chuid den phlean.

Nóta Forlíontach (Calaí Lár na Sionainne agus na Brosnaí Bige, Cóid 000216 agus 000564)

Tá íocaíocht faoin bhforordú um thalamh féaraigh fliuch teoranta do na hiarratasóirí sin atá cáilithe le híocaíocht a fháil faoin bhforordú maidir leis an Traonach (féach thuas). Tá achar na dtailte féarach fliuch, an eanaigh nó an réisc atá cáilithe le haghaidh íocaíochta teoranta ag trí oiread d'achar móinéir a cháilíonn le haghaidh íocaíochta agus á bhainistiú ag an iarratasóir sin faoin bhforordú um ghnáthóg an Traonaigh (féach thuas)

Gnáthóga Éan Fiáin a bhfuil tosaíocht acu

An Beart um an Traonach (Láithreáin ainmnithe Natura 2000 chun Gnáthóga Traonach a Chaomhnú i gCalaí na Sionainne)

Tá an Beart seo dírithe go sonrath ar fheirmeoirí i gCalaí na Sionainne a bhfuil tailte acu sna sprioclimistéir Traonaigh Natura 2000 atá aitheanta ag an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra.

Ní mór d'fheirmeoirí a bhfuil tailte acu a cháilíonn laistigh den sprioclimistéar a bheith rannpháirteach sa Bheart seo.

Ní mór na tailte a bhainistiú de réir fhorordú an mhóinéir Traonaigh do Chalaí na Sionainne atá leagtha amach go hachomair thíos.

Ní mór don iarratasóir pleanálaí a fhostú chun Plean Bainistíochta agus Innilte Inmharthana a tharraingt suas don láithreán. Ní mór an plean sin a chur faoi bhráid na Roinne agus a chur chun feidhme feadh ré chonradh an Bhirt.

Ní mór don phleanálaí dul i gcomhairle leis an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra den Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil sula dtarraingeoidh sé suas an plean do na tailte ainmnithe seo.

Ní mór dó/di na tailte ainmnithe Natura 2000 ar an bhfeirm atá i limistéar ghnáthóg an Traonaigh agus atá á chothabháil mar mhóinéar a aithint.

Leithdháilfidh an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra seicheamh do na tailte i dtaca leis an mbaint. Ní mór mionsonraí sheicheamh na bainte sin a áireamh sa phlean.

Déanfaidh an pleanálaí an láithreán a shiúl agus a mheasúnú agus breithneoidh sé gach aon ghné den ghníomhaíocht feirmeoireachta ar an bhfeirm iomlán agus an Plean Bainistíochta agus Innilte Inmharthana á tharraingt suas aige don láithreán.

Ní mór an limistéar/ na limistéir a choinneáil mar mhóinéar ar feadh ré an phlean.

Ní mór do na rannpháirtithe sa bheart seo na riachtanais bhainistíochta a leanúint do chothabháil ghnáthóg an Traonaigh atá leagtha amach thíos.

Ní dhéanfar íocaíocht ach amháin ar dheimhniú um chomhlíonadh a sheoladh ar aghaidh agus é sínithe ag an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra nó a gníomhairí maidir leis na riachtanais bhainistíochta atá leagtha amach thíos.

Riachtanais bhainistíochta DO GHNÁTHÓGA AN TRAONAIGH (Calaí Lár na Sionainne)

Is é an forordú seo an bonn atá leis an bPlean Innilte agus Bainistíochta Inmharthana do limistéir an Traonaigh. Is í an tSeirbhís Páirceanna náisiúnta agus Fiadhúlra a aithníonn limistéir an traonaigh agus i láthair na huairé cuimsíonn na limistéir sin timpeall 600 ha de na Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta.

Tá Feidhmiú an Fhorordaithe seo teoranta do Mhóinéir i gcalaí tosaíocht i Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta Lár na Sionainne. Le roinnt blianta anuas tá traonaigh ag pórú sna calaí sin nó i gcás go gcreideann an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta go bhfuil seans réadúil ann go bhféadfaidh go bpóroídh an Traonach ann sa todhchaí. Tá an liosta faoi réir a athbhreithnithe ar bhonn leanúnach. Moltar do phleanálaithe an cás reatha a phlé leis an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra sula dtarraingeoidh siad suas an Plean Innilte agus Bainistíochta Inmharthana. Léirítear thíos liosta reatha na gcalaí atá cáilithe faoin bhforordú:

Carrowmanagh/ An Cheathrú Meánach	Clonmacnoise /Cluain Mhic Nóis
Tower / Teamhair*	Coolumber /Cúil Amra*
Kilmeelchon/ Cill Ó Míolchon	Fahn's/ Fathain*
Bullock Island/ Oileán an Bhulláin	Drumlosh/ Droim Glaise
Iniskeogh Inis Sceach*	Goravinch /Garbhinis*
Lehinch/ Reask Leithinis/Riasc*	Long Island /An tOileán Fada
Moystown Maigh Eistean	Athlone, Big Meadow / Baile Átha Luain, An Móinéar Mór*
Brackagh/ An Bhreacach*	Bogganfin / An Bogán Fionn
Woodbank Bruach na Coille	Ballymacoolaghan /Baile Mhic Uallacháin
Kilaphort/ Coill an Phoirt	Ragrabeg /Ragra Beag
Bishop's Island /Oileán an Easpaig*	Cogran/Cográn
Baranagh /Bearnach*	Mather's/Mothar*

Achar na Móinéar

Ní thiocfaidh laghdú ar an achar iomlán ar chuid ainmnithe na feirme a bheidh á bainistiú le haghaidh móinéir le linn thréimhse an phlean agus ní lú achar an mhóinéir ná an meán a bhí ann do na 5 bliana roimhe sin.

Srianta ar Innilt

Ní cheadófar innilt ar an limistéar ainmnithe tar éis an 15 Márta.

Móinéir a Bhaint

Ní dhéanfar an móinéar a bhaint ná a bharrscoitheadh roimh an 10 Lúnasa. Is iad na dátaí don bhaint sa phlean feirme 5 bliana, faoi dhó ar an 10 Lúnasa, faoi dhó ar an 1 Meán Fómhair agus uair amháin ar an 15 Meán Fómhair. Ní mór an bhaint a shocrú i gcomhairle leis an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, a áireamh sa Phlean Innilte agus Bainistíochta Inmharthana agus a chur i bhfeidhm ón tús.

Ní mór na móinéir a bhaint in aghaidh na bliana ach amháin nuair nach féidir é sin a dhéanamh mar gheall ar an drochaimsir.

Modh Bainte na Móinéar

Ní mór na móinéir a bhaint ar an modh ‘ón lár amach’ — *féach Fíor 1 thíos*. Tá na sonraí ar fáil ón tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra nó óna cuid gníomhairí.

Ba chóir luas an bhuaiteora a choinneáil sách íseal (e.g. 4 msu) le deis a thabhairt do thraonaigh imeacht as an mbealach. Ní ceadmhach go mbeadh an buaiteoir níos mó ná 12 troigh ar leithead.

Imill

Ní mór imeall 2.5 méadar a fhágáil ar dhá thaobh an mhóinéir agus é á bhaint le deis éalaithe a thabhairt do na traonaigh le linn na bainte.

Féadfar an t-imeall seo a bhaint tráth ar bith ón 15 Meán Fómhair, mura rud é gurb é an 15 Meán Fómhair an dáta leis an móinéar iomlán a bhaint agus sa chás sin ní mór na himill a fhágáil go ceann 24 uaire eile ar a laghad. Féadfar na himill a fhágáil gan iad a bhaint go dtí an bhliain dar gcionn más mian leat ach ba chóir iad a bhaint sa dara bliain. Ar phlásáin an-chúng féadfar an leithead a mhodhnú i gcomhairle leis an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra nó lena gníomhairí.

Brat Luath/Déanach

Ba chóir don phleanálaí a chinntiú le linn an phlean a tharraingt suas go bhfuil líon áirithe bratlimistéar ar an gcuid ainmnithe den fheirm, ar limistéir iad a bhainistítear ar dhóigh go bhfuil luibhfásra ard orthu (e.g. neantóga, peirsil bhó, feileastram, ach gan crainn ná toir a bheith ann).

Féadfar limistéir an bhrait a bhaint an tráth céanna leis an gcuid eile den mhóinéar.

Fíor 1 – Léaráid ar bhaint féir ón Lár Amach

